AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 16.12.2025
COM(2025) 999 final

2025/0424 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 92/6/CEE chun feithiclí leictreacha N2 áirithe a dhíolmhú ón gceanglas teorantóir luais a shuiteáil agus a úsáid

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Féach *COM(2025) 993 final* i gcomhair an chomhthéacs níos leithne.

Cuid de phacáiste beart is ea an tionscnamh seo arb é is aidhm dóibh deireadh a chur le bacainní rialála ar ghlacadh feithiclí tráchtála éadroma leictreacha.

Le Treoir 92/6/CEE ón gComhairle[1], tugtar sainordú maidir le suiteáil agus úsáid teorantóirí luais i bhfeithiclí tromshaothair áirithe ar chúiseanna sábháilteachta ar bhóithre (mar thoradh ar an gcumhacht innill atá ar fáil i bhfeithiclí earraí troma agus i mbusanna agus atá de dhíth chun fánaí a dhreapadh, táthar in ann iad a thiomáint ar bhóithre réidhe faoi luasanna iomarcacha nach bhfuil comhoiriúnach le sonraíochtaí comhpháirteanna eile atá sna feithiclí sin amhail coscáin agus boinn) agus ar chúiseanna cosanta comhshaoil i mBallstáit áirithe. Le Treoir 2002/85/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], leathnaíodh raon feidhme Threoir 92/6/CEE chun na feithiclí uile de chineál N2, N3, M2 agus M3 a chumhdach. I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Threoir 92/6/CEE, 'ní fhéadfar feithiclí de chatagóirí N2 agus N3 a úsáid ar an mbóthar ach amháin má bhíonn teorantóir luais feistithe orthu a shocraítear ar shlí ionas nach féidir leo gluaiseacht ar luas is airde ná 90 ciliméadar in aghaidh na huaire.'

Is troime iad feithiclí tráchtála éadroma leictreacha ná feithiclí coibhéiseacha breosla iontaise mar thoradh ar mheáchan a gceallraí. Cé gurb ionann an pálasta agus na cásanna úsáide a bhaineann leo agus an pálasta agus na cásanna úsáide a bhaineann le feithicil tráchtála éadrom ag a bhfuil inneall dócháin inmheánaigh agus ar lú ná 3,5 tona an uasmhais incheadaithe atá inti, mar gheall ar mheáchan breise an cheallra tagann siad faoi chatagóir N2 agus, dá bhrí sin, tagann siad faoi raon feidhme na reachtaíochta lena gceanglaítear teorantóirí luais a shuiteáil – Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus Treoir 92/6/CEE.

Fágann an ceanglas sin nach mbíonn feithiclí leictreacha éadroma ar mó a mais ná 3,5 tona chomh tarraingteach céanna do chustaiméirí, ar FBManna agus micrifhiontair go leor díobh, mar gheall ar na costais a bhaineann le teorantóir luais a shuiteáil agus a úsáid. Cuireann ualach breise den sórt sin moill ar an méadú ar líon na veaineanna leictreacha atá ar an mbóthar i gcomparáid le veaineanna innill dócháin comhchosúla, rud a d'fhéadfadh, dá bhrí sin, deacracht mhéadaithe a chruthú freisin do mhonaróirí feithiclí maidir le spriocanna feidhmíochta CO_2 le haghaidh feithiclí tráchtála éadroma a bhaint amach.

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/2144 i dtogra reachtach comhthreomhar (atá in COM(2025) 993 final) ina ndéantar feithiclí tráchtála éadroma leictreacha N2, ag a bhfuil uasmhais incheadaithe is mó ná 3,5 tona agus suas le 4,25 tona, a dhíolmhú ón oibleagáid teorantóir luais a bheith feistithe orthu, rud a chuireann ar comhchéim iad le feithiclí coibhéiseacha breosla iontaise, is é sin veaineanna díosail N1. Ní bheadh aon éifeacht ag an leasú ar Rialachán (AE) 2019/2144 i gcás nach bhféadfaí na feithiclí lena mbaineann – ar feithiclí N2 iad – a úsáid ar an mbóthar mar gheall ar gan teorantóirí luais a bheith feistithe orthu. Is gá, dá bhrí sin, modhnú a dhéanamh ar Airteagal 3 de Threoir 92/6/CEE lena sainordaítear faoi láthair nach féidir na feithiclí N2 (agus N3) uile a úsáid ar an mbóthar ach amháin má bhíonn teorantóir luais feistithe orthu. Ba cheart foráil a dhéanamh sa Treoir maidir le maolú

[1] IO L 57, 2.3.1992, lch. 27. ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/1992/6/oj
[2] IO L 327, 4.12.2002, lch. 8. ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2002/85/oj
[3] IO L 325, 16.12.2019, lch. 1. ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2019/2144/oj

comhchosúil ionas gur féidir na feithiclí lena mbaineann a úsáid ar an mbóthar freisin gan teorantóir luais a bheith feiste orthu.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an tionscnamh seo comhsheasmhach leis an gcomhbheartas iompair lena gcuirtear chun cinn dícharbónú an iompair agus lena dtacaítear le glacadh forleathan feithiclí astaíochtaí ísle agus feithiclí astaíochtaí nialasacha[4]. Is é is aidhm don bheartas sábháilteachta ar bhóithre laghdú 50 % a dhéanamh ar líon na mbásanna agus líon na ngortuithe tromchúiseacha ar bhóithre an Aontais idir 2020 agus 2030 agus na líonta sin a laghdú go dtí gar do nialas faoi 2050[5]. Maidir le feithiclí tráchtála éadroma leictreacha, ar mó a n-ollmhais feithicle ná 3,5 tona ach nach mó a n-ollmhais feithicle ná 4,25 tona, a úsáid ar an mbóthar gan teorantóir luais a bheith feistithe orthu, ní mheastar go mbeidh sé ar neamhréir leis an mbeartas sin maidir le sábháilteacht ar bhóithre é sin a cheadú toisc go mbíonn feithiclí nua-aimseartha feistithe le raon ardchóras cúnta tiománaí, lena n-áirítear córais chliste um chúnamh luais, ar nithe iad nach raibh ann nuair a leathnaíodh raon feidhme Threoir 92/6/CEE chun feithiclí N2 a chumhdach in 2002.

Sa chomhthéacs sin, maidir le feithiclí tráchtála éadroma leictreacha, is ceart a thabhairt faoi deara nach féidir ach le tiománaithe a bhfuil taithí acu iad a thiomáint, mura rud é go bhfuil siad á dtiomáint ag tiománaithe gairmiúla ag a bhfuil ceadúnas de chatagóir C nó C1: I gcomhréir le hAirteagal 6(4)(c) de Threoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], maidir le feithiclí earraí a úsáideann breosla malartach, ar mó a n-ollmhais feithicle ná 3,5 tona ach nach mó a n-ollmhais feithicle ná 4,25 tona, ní fhéadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do shealbhóirí ceadúnais de chatagóir B feithiclí den sórt sin a thiomáint ar a gcríocha féin ach amháin má eisíodh a gceadúnas ar a laghad 2 bhliain roimhe sin. Sa cheathrú Treoir maidir le Ceadúnais Tiomána a glacadh le déanaí[7], rinneadh den rogha sin foráil éigeantach ar fud an Aontais a leathnaíodh chun feithiclí eile a chumhdach i dteannta feithiclí earraí agus a mbeidh feidhm aici ón 26 Samhain 2027. Maidir le feithiclí N2 a úsáideann breosla malartach, amhail feithiclí tráchtála éadroma leictreacha, ar feithiclí iad ar mó a n-ollmhais feithicle ná 3,5 tona ach nach mó a n-ollmhais feithicle ná 4,25 tona, tá sé comhsheasmhach leis an mbeartas seo déileáil leo amhail is dá mba fheithiclí N1 iad.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra ina chuid de phacáiste beart a bhaineann le hiomaíochas thionscal mótarfheithiclí na hEorpa. Is é is aidhm dó costais riaracháin agus choigeartaithe ar thionscail a laghdú chun margadh aonair dea-fheidhmiúil le haghaidh mótarfheithiclí a áirithiú, agus an t-ardleibhéal sábháilteachta agus feidhmíochta comhshaoil a bhunaítear sa chreat rialála á choinneáil ar bun.

Le Rialachán (AE) 2019/2144 ceanglaítear go bhfeisteofar ar fheithiclí de chatagóirí M2, M3, N2 agus N3 teorantóirí luais a chomhlíonann Rialachán Uimh. 89 ó na Náisiúin Aontaithe. Maidir le feithiclí N2 a chúltiomáintear trí bhíthin leictreachais, agus ar idir 3,5 tona agus 4,25 tona luach na hollmhaise feithicle iontu a cheadaítear go teicniúil, ós rud é go bhfuil siad á ndíolmhú ón gceanglas sin i nós imeachta reachtach comhthreomhar (féach COM(2025) 993 final), ba cheart na feithiclí céanna a dhíolmhú ó raon feidhme Threoir 92/6/CEE chun gur

[4] Cf. COM (2020) 789: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52020DC0789

[5] Cf. *Sustainable Mobility for Europe*[Soghluaisteacht Inbhuanaithe don Eoraip]: sábháilte, nasctha agus glan. COM(2018) 293 final; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52018DC0293

[6] IO L 403, 30.12.2006, lch. 18. ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2006/126/oj

[7] IO L 2025/2205, 5.11.2025. ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2025/2205/oj

ceadmhach iad a úsáid ar an mbóthar gan teorantóirí luais. Dá bhrí sin, leis an Treoir seo áirithítear comhsheasmhacht leis an togra chun Rialachán (AE) 2019/2144 a mhodhnú.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 91(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh is bunús dlí don Treoir seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

De bhun Airteagal 4(2)(g) CFAE, comhroinneann an tAontas Eorpach leis na Ballstáit an inniúlacht chun réimse an iompair a rialáil. Ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as mótarfheithiclí thar theorainneacha, le creat dlíthiúil aonfhoirmeach laghdaítear costais chomhlíontachta agus forfheidhmiúcháin ar fud an Aontais. Le Treoir 92/6/CEE, soláthraítear creat comhchoiteann cheana féin le haghaidh teorantóirí luais a shuiteáil agus a úsáid san Aontas i gcás catagóirí áirithe mótarfheithiclí. Is ar leibhéal an Aontais amháin is féidir an Treoir sin a leasú.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra seo thar a bhfuil riachtanach chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/2144 atáthar a mholadh i gcomhthráth (féach COM(2025) 993 final).

- **An rogha ionstraime**

Ós Treoir atá sa ghníomh atá le leasú, ba cheart i bprionsabal an gníomh leasaitheach a bheith i bhfoirm Treorach freisin.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Féach COM(2025) 993 final.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Féach COM(2025) 993 final.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Féach COM(2025) 993 final.

- **Measúnú tionchair**

Féach COM(2025) 993 final.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Féach COM(2025) 993 final.

- **Cearta bunúsacha**

Urramaítear leis an togra seo na cearta bunúsacha a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[8] agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear inti.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon chostas breise ar an gCoimisiún mar thoradh ar an tionscnamh seo.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní éilítear plean cur chun feidhme leis an togra seo. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar thrasuí, cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na forála nua agus ar chomhlíonadh na forála sin.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Airteagal 1 Leasú ar Threoir 92/6/CEE

Cuirtear an tAirteagal seo in ionad Airteagal 3(1) de Threoir 92/6/CEE. Díolmhaítear ó raon feidhme na forála sin feithiclí de chatagóir N2 a chúltiomáintear trí bhíthin leictreachais agus ar idir 3,5 tona agus 4,25 tona an uasmhais incheadaithe atá iontu. Déantar an mhír iomlán a ionadú ar mhaithe le soiléireacht.

Airteagal 2 Trasuí

Tá [tréimhse 3 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin bunaithe ar COM(2025) 993 final] ag na Ballstáit chun an fhoráil nua sin a thrasuí ina ndlíthe náisiúnta éagsúla.

Níor cuireadh aon ráiteas reachtach airgeadais agus digiteach leis an togra seo. Cumhdaítear é leis an ráiteas comhfhreagrach atá i gceangal leis an togra reachtach in COM(2025) 993 final.

[8] IO C 326, 26.10.2012, lch. 391, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/char_2012/oj

2025/0424 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 92/6/CEE chun feithiclí leictreacha N2 áirithe a dhíolmhú ón gceanglas teorantóir luais a shuiteáil agus a úsáid

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[9],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[10],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 3(1) de Threoir 92/6/CEE ón gComhairle[11] maidir le teorantóirí luais a shuiteáil agus a úsáid le haghaidh catagóirí áirithe mótarfheithiclí, ceanglaítear teorantóirí luais a shuiteáil agus a úsáid i bhfeithiclí de chatagóirí N2 agus N3. Faoin Airteagal sin, ní féidir feithiclí den sórt sin a úsáid ar an mbóthar ach amháin má bhíonn teorantóir luais feistithe orthu. Rinneadh an ceanglas maidir le suiteáil a chomhtháthú freisin i reachtaíocht maidir le cineálcheadú mótarfheithicle le Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12].

(2) D'fhéadfadh meáchan breise an cheallra a bheith ina chúis le meáchan na bhfeithiclí tráchtála éadroma ceallra-leictreacha a bheith níos airde ná 3,5 tona. Mar thoradh ar mheáchan den sórt sin, cuirtear na feithiclí sin faoi réir an cheanglais maidir teorantóir luais cé gurb ionann an pálasta agus an cás úsáide a bhaineann leo agus pálasta agus cás úsáide na bhfeithiclí tráchtála éadroma sin ag a bhfuil inneall dócháin inmheánaigh agus atá lasmuigh de raon feidhme Threoir 92/6/CEE. Leis an gceanglas sin, forchuirtear costais gan údar ar mhonaróirí feithiclí agus ar fhiontair a cheannaíonn feithiclí den sórt sin, rud a chuireann moill ar an méadú ar an líon feithiclí tráchtála éadroma de chineál astaíochtaí nialasacha atá ar an mbóthar. Dá bhrí sin, maidir le feithiclí de chatagóir N2, a chúltiomáintear trí bhíthin leictreachais agus ar idir 3,5 tona agus 4,25 tona luach na hollmhaise feithicle iontu a cheadaítear go teicniúil, is iomchuí iad a dhíolmhú ón gceanglas teorantóirí luais a bheith feistithe orthu.

(3) Leasaítear Rialachán (AE) 2019/2144 i gcomhthráth chun feithiclí de chatagóir N2, a chúltiomáintear trí bhíthin leictreachais agus ar idir 3,5 tona agus 4,25 tona luach na hollmhaise feithicle iontu a cheadaítear go teicniúil, a dhíolmhú ón gceanglas

9 IO C […], […], lch. […]
10 IO C […], […], lch. […]
11 IO L 57, 2.3.1992, lch. 27. ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/1992/6/oj
12 IO L 325, 16.12.2019, lch. 1. ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2019/2144/oj

teorantóirí luais a bheith feistithe orthu i gcomhréir le Rialachán Uimh. 89 ó na Náisiúin Aontaithe.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 92/6/CEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Threoir 92/6/CEE

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3(1) de Threoir 92/6/CEE:

‘1. Maidir le mótarfheithicilí de chatagóirí N2 agus N3, cé is moite de na feithiclí sin de chatagóir N2 a chúltiomáintear trí bhíthin leictreachais agus ar idir 3,5 tona agus 4,25 tona an uasmhais incheadaithe atá iontu, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach féidir iad a úsáid ar an mbóthar ach amháin má bhíonn teorantóir luais feistithe orthu a shocraítear ar shlí ionas nach féidir leo gluaiseacht ar luas is airde ná 90 ciliméadar in aghaidh na huaire.’.

Airteagal 2

Trasuí

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit iad faoin [dáta atá 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin atá bunaithe ar COM(2023) 993 final] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta chur i bhfeidhm na leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/2144 in COM(2023) 993 final].

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
[...]	*[...]*